2026/2112

25.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2112 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2026

lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026)6604)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Bealtaine 2024, rinne BASF SE, atá lonnaithe sa Ghearmáin, thar ceann BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe ('an t-iarratasóir'), iarratas a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta na Beilge maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ('an t-iarratas'). San iarratas cumhdaíodh freisin táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, nó atá comhdhéanta di, a chur ar an margadh, le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.

(2) De bhun Airteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, cuimsíodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Cuimsíodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) An 27 Eanáir 2026, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch fhabhrach maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6 i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ([3]). Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sí chomh sábháilte céanna lena macasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha pónaire soighe neamh-ghéinmhodhnaithe a ndearnadh tástáil orthu maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach ábhar imní cothaithe in aon chor do dhaoine ná d'ainmhithe é bia nó beatha ó phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6 a chaitheamh.

(4) Rinne an tÚdarás breithniú, sa tuairim eolaíoch uaidh, ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1829/oj.

([2]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/18/oj).

([3]) Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2026. Tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú ar phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6 (iarratas GMFF-2024-21774). Iris EFSA 2026; 24(1):9844; https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9844.

(5) Maidir leis an bplean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil a chuir an t-iarratasóir isteach, arb é atá ann plean faireachais ginearálta, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go raibh an plean sin i gcomhréir le húsáidí beartaithe na dtáirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6 nó atá comhdhéanta di.

(6) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti, ba cheart údarú a thabhairt na táirgí sin a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.

(7) I litir dar dáta an 23 Eanáir 2026, chuir BASF Agricultural Solutions US LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, an Coimisiún ar an eolas go dtiontódh BASF SE a fhoirm dhlíthiúil agus go n-athródh sé a ainm go BASF Agricultural Solutions Belgium NV ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh.

(8) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh do phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ([4]).

(9) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach bhfuil gá le haon cheanglas sonrach lipéadaithe, seachas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Chun a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart a léiriú go soiléir ar lipéadú na dtáirgí ar táirgí iad ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, nó atá comhdhéanta di, cé is moite de bhianna agus comhábhair bia, nach bhfuil siad beartaithe lena saothrú.

(10) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireachán um éifeachtaí comhshaoil agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ([6]).

(11) Ní thugann an tuairim ón Údarás údar le coinníollacha sonracha eile nó srianta sonracha eile a fhorchur maidir le bia agus beatha ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 × DAS-44406-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti a chur ar an margadh, a úsáid agus a láimhseáil, ná maidir le héiceachórais/timpeallacht nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5), pointe (e) agus Airteagal 18(5), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(12) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(13) Tá fógra le tabhairt faoin gCinneadh seo trí Theach Imréitigh na Bithsháibháilteachta do Pháirtithe Phrótacal Cartagena ar an mBithsháibháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(14) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Bhuanchoiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é chun go ndéanfaí tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/65/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear as orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1830/oj).

([6]) Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí caighdeánacha tuairiscithe maidir le cur i láthair na dtorthaí faireacháin ar scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach d'aon ghnó sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/770/oj).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1946/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe (*Glycine max* (L.) Merr.) GMB151 × DAS-44406-6, a shonraítear i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sanntar an t-aitheantóir uathúil BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

Airteagal 2

Údarú

Údaraítear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

(a) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti;

(b) beatha ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti;

(c) táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6 nó atá comhdhéanta di le haghaidh úsáidí eile seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) den Airteagal seo, cé is moite de shaothrú.

Airteagal 3

Lipéadú

(1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'pónaire shoighe' ainm an orgánaigh.

(2) Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6 nó atá comhdhéanta di, dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

Airteagal 4

Modh braite

Beidh feidhm ag na modhanna a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6 a bhrath.

Airteagal 5

Faireachán ar éifeachtaí comhshaoil

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

Airteagal 6

An clár Comhphobail

An fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn, iontrálfar í sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

Airteagal 7

Sealbhóir an údaraithe

Is é BASF Agricultural Solutions US LLC, atá á ionadú san Aontas ag BASF Agricultural Solutions Belgium NV, sealbhóir an údaraithe.

Airteagal 8

Bailíocht

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra faoi.

Airteagal 9

Seolaí

Is chuig BASF Agricultural Solutions US LLC, 2 T.W. Alexander Dr., Durham, NC 27713, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag BASF Agricultural Solutions Belgium NV, Technologiepark-Zwijnaarde 101, 9052, Ghent, an Bheilg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **An tIarratasóir agus Sealbhóir an Údaraithe:**

Ainm: BASF Agricultural Solutions US LLC;

Seoladh: 2 T.W. Alexander Dr., Durham, NC 27713, Stáit Aontaithe Mheiriceá;

arna ionadú san Aontas ag BASF Agricultural Solutions Belgium NV, Technologiepark-Zwijnaarde 101, 9052, Ghent, an Bheilg.

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

(1) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti;

(2) beatha ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, nó atá comhdhéanta di nó a tháirgtear aisti;

(3) táirgí ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6 nó atá comhdhéanta di le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6, léiríonn sí an ghéin *2mepsps*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí ina bhfuil gliofosáit, an ghéin *aad-12*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh aigéad 2, 4-déchlóraifeanocsaicéiteach (2,4-D), an ghéin *pat*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí ina bhfuil amóiniam glúfosanáite, an ghéin *hppdPf-4Pa*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí coscaire dé-ocsaigionáise 4-hiodrocsaifeinilpiorúváite, mar shampla iosocsáflutól agus an ghéin *cry14Ab-1.b*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh néimeatóidí seadánacha plandaí.

(c) **Lipéadú:**

(1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'pónaire shoighe' ainm an orgánaigh.

(2) Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6 nó atá comhdhéanta di, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

(1) Na modhanna teagmhas-shonracha cainníochtúla braite PCR, is iad sin na modhanna arna mbailíochtú ina n-aonar le haghaidh teagmhais pónaire soighe géinmhodhnaithe BCS-GM151-6 agus DAS-444Ø6-6 agus atá fíoraithe a thuilleadh ar chruach na pónaire soighe BCS-GM151-6 × DAS-444Ø6-6;

(2) bailíochtaithe ag Saotharlann Tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna bhfoilsiú ag https://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/method-validations

(3) ábhar tagartha:

Is féidir teacht ar ERM®-BF443 a-e (le haghaidh BCS-GM151-6) agus ERM®-BF436 a-e (le haghaidh DAS-444Ø6-6) trí Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

BCS-GM151-6 x DAS-444Ø6-6

(f) **Faisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithsháibháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithsháibháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a thugtar fógra faoi*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

ní gá.

(h) **Plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil:**
Plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE
[Nasc: *plean arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Plean faireacháin iarmhargaidh:**
ní gá.

Tabhair faoi deara: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig doiciméid ábhartha a mhodhnú le himeacht ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal tríd an gclár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.